



Preasráiteas

Lucsamburg, 8 Márta 2023

Cistí téarnaimh COVID: tugann iniúchóirí rabhadh ‘an bharna a sheachaint’ maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

- *Tá €724 bhiliún ar fáil do thíortha san Aontas chun a ngeilleagar a athbhunú de mhalairt ar athchóirithe agus infheistíochtaí poiblí*
- *Is baolach go mbeidh bearna a bhaineann le dearbhú agus cuntasacht i gceist leis an tsamhail chaiteachais nua*

Laistigh de thréimhse réasúnta gearr ama, chuir an Coimisiún Eorpach córas rialaithe de sheiceálacha le haghaidh príomhchiste téarnaimh paindéime an Aontais, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) de luach €724 bhiliún, ar bun. Tá scrúdú déanta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar dhearadh an chórais rialaithe sin agus fuarthas bearna a bhaineann le dearbhú agus cuntasacht sa chóras chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá sé d’oibleagáid ar na Ballstáit seiceáil a dhéanamh go gcomhlíonann tionscadail infheistíochta a fhaigheann cistiú ó RRF rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, ach is beag d’fhaisnéis fíoraithe atá ag an gCoimisiún trína obair féin maidir leis an gcaoi a ndéantar na seiceálacha náisiúnta sin. Gan aon dearbhú go gcomhlíontar na rialacha sin, tá easpa cuntasachta ann ar leibhéal an Aontais.

Trí RRF, tá airgead á sheoladh chuig na Ballstáit ag an gCoimisiún ar bhealach nua: déanann sé íocaíochtaí le tíortha den Aontas nuair is cinnte go bhfuil na cuspóirí a comhaontaíodh roimh-ré ina bpleananna téarnaimh náisiúnta comhlíonta acu trí gharspriocanna agus spriocanna a bhaint amach. Chun na críche sin, tá tacar fairsing seiceálacha curtha ar bun ag an gCoimisiún chun na sonraí a chuireann Ballstáit ar fáil mar chruthúnas go bhfuil siad bainte amach acu a fhíorú. Maidir le tionscadail a fhaigheann cistiú ó RRF, áfach, ní coinníoll don íocaíocht é go mbeadh rialacha ábhartha Eorpacha agus náisiúnta comhlíonta, murab ionann le cláir chistithe eile an Aontais. Ná ní chلúdaítear comhlíonadh na rialacha sin le seiceálacha an Choimisiúin ar iarrataí na mBallstát ar íocaíocht ach an oiread.

“Ní bheidh muinín ag na saoránaigh i mbealaí cistithe nua de chuid an Aontais ach amháin más féidir leo a bheith cinnte go bhfuil a gcuid airgid á chaitheamh mar is ceart,” a dúirt Tony Murphy, Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí. “Faoi láthair, tá bearna ann i dtaca leis an dearbhú is féidir leis an gCoimisiún a thabhairt maidir le príomhchiste téarnaimh paindéime an Aontais agus tá easpa cuntasachta ann ar leibhéal an Aontais.”

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtairreachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Sna blianta seo amach romhainn, tá sé i gceist ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh féachaint an bhfuil na seiceálacha a dhéanann gach aon tír san Aontas leormhaith. Díreoidh an Coimisiún ar mheasúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil córais rialaithe na dtíortha féin ábalta calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus cistiú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún aon suim ó ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha den chineál sin a aisghabháil mura ndéanann na tíortha féin é. Níor bheartaigh feidhmeannacht an Aontais scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a seiceálann na tíortha go gcomhlíonann tionscadail infheistíochta a fhaigheann cistiú ó RRF rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, áfach. Mar thoradh air sin, tá an fhaisnéis fíoraithe atá ag an gCoimisiún teoranta, rud a bhfuil tionchar aige ar an dearbhú is féidir leis a chur ar fáil. Tugann na hiniúcháirí rabhadh go bhfuil neamh-chomhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, lena n-airítear rialacha maidir le soláthar, státchabhair agus incháilitheacht, forleathan i gcláir chaiteachais eile de chuid an Aontais agus gur riosca tromchúiseach é do leasanna airgeadais an Aontais. Iarrann siad ar an gCoimisiún bealaí a aimsiú chun an bearna sa dearbhú ar leibhéal an Aontais a líonadh.

Níl aon treoraíocht eisithe ag an gCoimisiún maidir le cad ba cheart a dhéanamh má chúlaíonn beart a fuair cistiú, rud a fhágann go bhfuil sé níos dóchúlach nach mbraithfí garspriocanna agus spriocanna atá aisiompaithe. Níl an tionchar a bheadh ag aisiompú den chineál sin soiléir. Thairis sin, níl sé tar éis a dhéanamh amach go dtí anois – beagnach leath bealaigh trí shaolré na hionstraime sealadaí sin – cé mhéad airgid ba cheart a reo nó a laghdú má theipeann ar thír sprioc nó garsprioc a bhaint amach go hiomlán. Thug na hiniúcháirí ar aire freisin go bhféadfaí an tuairisciú maidir le calaois a fheabhsú agus go bhfuil tuilleadh treoraíochta de dhíth maidir leis na ceartúcháin chothromráta ba cheart a chur i bhfeidhm i ndáil le laigí a aimsíodh i gcórais rialaithe na dtíortha.

Faisnéis chúlra

Clúdaíonn RRF an sciar is mó de chistiú téarnaimh an Aontais le haghaidh COVID-19, agus faoin gciste sin tá tacaíocht airgeadais ar mhórcála á soláthar (€385.8 billiún in iasachtaí; €338 billiún i ndeontais), agus é mar aidhm leis sin dlús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch sna Ballstáit tar éis iarmhairtí na paindéime, agus na Ballstáit sin a dhéanamh níos athléimní. Is iad an Spáinn agus an Iodáil an dá fhaighteoir is mó, agus iad – le chéile – ag fáil 43 % den iomlán. Tacaíonn an tsaoráid le tionscadail athchóirithe agus infheistíochtaí ó mhí Feabhra 2020 agus leanfaidh sé den mhéid sin a dhéanamh go dtí an 31 Nollaig 2026. Chun é a chistiú, faigheann an Coimisiún iasachtaí ar na margáil caipitil agus eisiúnta sé fiachas coiteann de chuid an Aontais. Is é an cúlra atá leis an iniúchadh ná an líon mór íocaíochtaí atá fós le déanamh. Tá moltaí na n-iniúcháirí beartaithe rannchuidiú le córas leormhaith seiceálacha a áirithiú le haghaidh cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais. Amach anseo, tá sé beartaithe ag na hiniúcháirí breathnú ar sheiceálacha RRF thíortha an Aontais.

Tá Tuarascáil speisialta 07/2023: ‘Dearadh chóras rialaithe an Coimisiúin do RRF – Tá bearna maidir le dearbhú agus cuntasacht ar leibhéal an Aontais fós sa tsamhail nua seachadta, in ainneoin obair fhairsing atá á pleanáil,’ ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúcháirí eca.europa.eu.

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502